GUIDING THE PLAN – THE STRATEGIC POLICY CONTEXT

Since the adoption of the Fingal Development Plan 2017-2023, a number of new policy documents have issued for land use planning and development in Ireland. The Development Plan sits within a hierarchy of plans and is required to have a Core Strategy. The Plan, its Core Strategy and the objectives must be consistent with National and Regional strategies.

Ireland 2040 Our Plan - The National Planning Framework (NPF)

The NPF is the Government's high-level strategic vision for shaping future growth and development in the entire country over a 20-year period. The NPF has a very clear focus on achieving compact growth and, more specifically, brownfield infill development which encourages more people, jobs and activity generally within existing built-up areas rather than into new greenfield sites. The NPF also acknowledges that rural areas make a major contribution to Ireland's identity and to overall national development in economic, social, cultural and environmental terms.

Regional Spatial and Economic Strategy 2019 – 2031 (RSES)

The RSES for the Eastern and Midland Regional Assembly area sets out a strategic plan and investment framework to shape development and manage planning in the Region. The RSES is underpinned by three cross cutting principles; Healthy Placemaking, Climate Action and Economic Opportunity, which will be incorporated into all facets of our new Development Plan.

The growth strategy for the Region supports the continued sustainable growth of Dublin and its transition to a low carbon, climate resilient and environmentally sensitive region in accordance with the Metropolitan Area Strategic Plan (MASP), which forms part of the RSES. The MASP directs future growth to identified strategic residential and employment corridors.

The RSES recognises the strategic location of Swords, in proximity to Dublin City, Dublin Airport, the national road network and Metrolink and it is specifically identified as one of three 'Key Towns' in the MASP area. Also relevant to Fingal is the 'Metrolink – LUAS Corridor' linking Swords and Dublin Airport to Dublin City and the 'Dublin Belfast Economic Corridor' which is identified as another strategic connection.

Other Plans, Strategies and Documents

Our new Development Plan will also be guided by other key national plans, strategies and guidance documents including the national Climate Action Plan 2019 and Fingal's Climate Change Action Plan 2019-2024, the NTA Transport Strategy for the Greater Dublin Area (GDA) 2016-2035, 'Construction 2020: A Strategy for a Renewed Construction Sector' (2014), 'Rebuilding Ireland: An Action Plan for Housing and Homelessness' (2016) and all Statutory Planning Guidelines.

AN PLEAN A THREORÚ – AN COMHTHÉACS BEARTAIS STRAITÉISIGH

Ón uair a glacadh Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 i leith, eisíodh roinnt doiciméad beartais nua le haghaidh pleanáil úsáide talún agus le haghaidh forbartha in Éirinn. Tá an Plean Forbartha ina chuid d'ordlathas pleananna agus ceanglaítear air Croístraitéis a bheith aige. Ní mór an Plean, a Chroístraitéis agus a chuspóirí a bheith comhsheasmhach le Straitéisí Náisiúnta agus Réigiúnacha.

Éire 2040 – Ár bPlean - An Creat Náisiúnta Pleanála

Is é an Creat Náisiúnta Pleanála fís straitéiseach ardleibhéil an Rialtais le haghaidh fás agus forbairt sa tír ar fad sa todhchaí a mhúnlú thar thréimhse 20 bliain. Tá díriú an-soiléir ag an gCreat Náisiúnta Pleanála ar fhás dlúth a bhaint amach agus, rud ba shonraí fós, ar fhorbairt inlíonta athfhorbraíochta lena spreagtar níos mó daoine, níos mó post agus níos mó gníomhaíochta go ginearálta laistigh de limistéir faoi fhoirgnimh ná láithreáin úrnua nua. Aithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála freisin go rannchuidíonn limistéir thuaithe go hollmhór le féiniúlacht na hÉireann agus leis an bhforbairt náisiúnta fhoriomlán ón taobh eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha de agus ó thaobh an chomhshaoil de.

An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2019 – 2031

Sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre, leagtar plean straitéiseach agus creat infheistíochta amach chun forbairt a mhúnlú agus pleanáil a bhainistiú sa Réigiún. Tá trí phrionsabal leathana mar bhonn agus thaca ag an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, mar atá Comhfhorbairt Áite Shláintiúil, Gníomhú ar son na hAeráide agus Deiseanna Eacnamaíocha, agus cuirfear na prionsabail sin ar áireamh i ngach gné dár bPlean Forbartha nua.

Tá an straitéis fáis don Réigiún ag tacú le fás inbhuanaithe leantach Bhaile Átha Cliath agus lena aistriú ina réigiún atá ar bheagán carbóin, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus íogair ó thaobh an chomhshaoil de, i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha, atá ina chuid den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch. Sa Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha, treoraítear fás todhchaíoch chuig conairí cónaithe agus fostaíochta straitéiseacha sainaitheanta.

Tugtar aitheantas sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do láthair straitéiseach Shoird de bharr a ghaireachta do Chathair Bhaile Átha Cliath, d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, don ghréasán bóithre náisiúnta agus do MetroLink. Aithnítear go sonrach é mar cheann amháin de na trí 'Phríomhbhaile' i limistéar an Phlean Straitéisigh Limistéir Cheannchathartha. Rud eile atá ábhartha d'Fhine Gall is ea 'Conair MetroLink – LUAS' lena nasctar Sord agus Aerfort Bhaile Átha Cliath chuig Cathair Bhaile Átha Cliath agus chuig 'Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste', a aithnítear mar nasc straitéiseach eile.

Pleananna, Straitéisí agus Doiciméid Eile

Treorófar ár bPlean Forbartha nua le pleananna, straitéisí agus treoirdhoiciméid náisiúnta thábhachtacha eile, lena n-áirítear an Plean Gnímh náisiúnta don Aeráid 2019, Plean Gnímh Fhine Gall don Athrú Aeráide 2019-2024, an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 ón Údarás Náisiúnta Iompair, 'Foirgníocht 2020: Straitéis le haghaidh Earnáil Foirgníochta Athnuaite' (2014), 'Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine' (2016) agus na Treoirlínte Pleanála Reachtúla uile.